# East Coast Railway Infrastructure Protection Projects (ECRIPP)

Emerging Preferred Scheme Public Consultation 1



## Introduction to ECRIPP

**In recent years, Iarnród Éireann Irish Rail has seen an increase in the frequency of storm events as a result of climate change. Coastal erosion has resulted in large losses of land and habitats, and incursions to such levels that the railway service at specific locations between Dublin and Wicklow is vulnerable to disruption.** Our current defenses are sub-standard to deal with the effects of sea level rise and climate change projections and action is required to provide resilience to the rail line.

The East Coast Railway Infrastructure Protection Projects (ECRIPP) was established to deliver the necessary enhanced coastal protection to the existing railway infrastructure at five key locations on this rail network.

These key locations, termed Coastal Cell Area (CCA), are particularly vulnerable to the impacts of coastal erosion, wave overtopping and cliff instability that is expected to increase both in frequency and severity in future years.

Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040 | NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority | Jacobs | ECRIPP Iarnród Éireann Irish Rail | Iarnród Éireann Irish Rail



## Where are we now?

The design process and environmental studies for ECRIPP have commenced and we are at a key stage in the project.

Before we proceed any further, we would like your views on the Emerging Preferred Scheme for each of the five Coastal Cell Areas (CCA) being put forward for Public Consultation 1.

## What are we consulting on?

Public Consultation 1 is on the Emerging Preferred Scheme **for each of the five Coastal Cell Areas CCA1 to CCA6.2.** The Emerging Preferred Scheme is the option that will be constructed under ECRIPP to provide the necessary coastal protection works to actively manage risk to railway operations from the coastal hazards. Further works will be needed in the future to continue to protect the railway line in line with realised climate change impacts. Public Consultation 1 seeks feedback on the Emerging Preferred Scheme, to advance the design through to Public Consultation 2.

# Emerging Preferred Scheme Outline

### CCA1 MERRION TO DÚN LAOGHAIRE

**CCA1 is the section of coast that stretches from Merrion to Dún Laoghaire Harbour.** This frontage is mainly urban with the railway corridor running along the coastline. Coastal protection measures currently in place mostly include natural stone revetments and seawalls.

The railway is relatively low-lying along this frontage and the main hazards along this frontage are; wave overtopping leading to flooding and damage to the railway, wave attack leading to failures of the coastal defences and beach erosion/ foreshore lowering leading to undermining of defences and increased wave energy at the shoreline.

The Emerging Preferred Scheme to be taken forward consists of raised walls across the majority of the cell area. At Seapoint and Blackrock amenity frontages raised walls will be integrated with raised walkways to retain the amenity provision. The top advantages identified with the Emerging Preferred Scheme are:

- Low maintenance burden over its lifetime.
- Reduced direct impacts on archaeology, cultural heritage in comparison to other options.
- Reduced environmental impact on important intertidal and reef habitats.
- Retains the amenity function and shoreline character at Blackrock and Seapoint.

### CCA2/3 DALKEY TUNNEL TO SHANGANAGH BRAY WASTEWATER TREATMENT PLANT

**CCA2/3 is the section of the coast that stretches from Dalkey Tunnel to just south of Killiney Martello Tower (near Shanaganagh-Bray Wastewater Treatment Plant).** This frontage is mainly non-urban with natural cliffs and intermittent man-made supporting structures.

The main hazards along this frontage are coastal erosion of the beach and cliffs resulting in shoreline recession, the undermining of existing coastal defences and cliff instability.

The Emerging Preferred Scheme to be taken forward is rock revetments and raised walls. The top advantages identified with the Emerging Preferred Scheme are:

- Non-complex and comparatively low-cost construction.
- Minimal maintenance burden and expenditure.
- Robust solution.
- Low material consumption and waste.
- Preferable option for carbon management.
- Low impact on noise, vibration and air quality.

## CCA5 BRAY HEAD TO GREYSTONES NORTH BEACH

**CCA5 is the section of coast that stretches from Bray Head at Naylors Cove to Greystones North Beach; north of Greystones Harbour.** This frontage is mainly rural, with train line running elevated along the coastline in and out of tunnels. The main hazards along this frontage are wave attack leading to structural failures of the existing coastal defences and cliff instability at Bray Head and beach/ cliff recession and cliff instability at Greystones North Beach.

The Emerging Preferred Scheme to be taken forward to public consultation is rock revetments at Bray Head and rock headlands with managed cliff recession at Greystones North Beach.

The top advantages identified with the Emerging Preferred Scheme are:

- Comparatively low cost and maintenance burden.
- Smaller footprint.
- Low material consumption and waste.
- Preferable option for carbon management.
- Allows natural processes to continue between the headlands.

## CCA6.1 GREYSTONES SOUTH TO NEWCASTLE

**CCA6.1 is the section of coast that stretches from Greystones South to Newcastle.** At this frontage the trainline runs along a natural embankment at the back of the beach. Coastal protection measures currently in place comprise long sections of rock revetment. The railway is very low-lying and the main hazards along this frontage are; wave overtopping and steepening and narrowing of the beach leading to shoreline erosion and undermining of the existing defences.

The Emerging Preferred Scheme to be taken forward to public consultation is a combination of rock revetment, concrete revetments and wave walls. The top advantages identified with the Emerging Preferred Scheme are:

- Non-complex and comparatively low-cost construction.
- Minimal maintenance burden and expenditure.

## CCA6.2 NEWCASTLE TO WICKLOW

**CCA6.2 is the section of coast that stretches from the south of Newcastle down to Wicklow.** At this frontage the trainline runs along a natural embankment at the back of the beach.

Coastal protection measures currently in place include rock and concrete revetments along some sections of this frontage, with the majority of the area undefended from coastal erosion.

The railway is very low-lying along this frontage and the main hazards along this frontage are; wave overtopping and steepening and narrowing of the beach which leading to shoreline erosion and undermining of the existing rock structures.

The Emerging Preferred Scheme to be taken forward to public consultation is rock revetments and wave walls. The top advantages identified with the Emerging Preferred Scheme are:

- Non-complex and comparatively low-cost construction.
- Minimal maintenance burden and expenditure.

## How to Engage

**The project team would like to hear your views on the Emerging Preferred Scheme for each of the five Coastal Cell Areas to inform us in the development of the project.**

Your local knowledge will inform the emerging design, help us to improve it and ensure that it will be beneficial to the communities we serve. It will also ensure that we preserve our railway infrastructure for generations to come. The consultation period is now open, full details including closing dates for receipt of submissions are available on the project website.

**Three in-person events will take place as part of the consultation. For details on venues, time and locations please visit the project website.**




## Please contact us via the following means:

**SCAN FOR WEBSITE AND FEEDBACK FORM**

**Website:** https://www.irishrail.ie/en-ie/about-us/iarnrodeireann-projects-and-investments/ECRIPP#overview

**Email:** ecrippenquiries@irishrail.ie

**Phone line:** 01 202 7900

**Postal Address:**

ECRIPP, Engineering & New Works Building, Iarnród Éireann, Inchicore Works, Dublin 8, D08 K6Y3.

# Cláir Chosanta Bhonneagar Iarnróid an Chósta Thoir (ECRIPP)

Comhairliúchán Poiblí 1 faoin Scéim is Dealraithí a Roghnófar



## Réamhrá maidir le ECRIPP

**Is léir d'Iarnród Éireann le blianta beaga anuas go mbíonn stoirmeacha ann níos minice ná riamh mar gheall ar an athrú aeráide. Tá creimeadh cósta ina chúis le leor talún agus gnáthóg a bheith caillte agus an fharraige a bheith tagtha isteach in áiteanna.** D'fhéadfadh sé go gcuirfí isteach ar an tseirbhís iarnróid in áiteanna ar leith idir Baile Átha Cliath agus Cill Mhantáin mar gheall air sin. Níl ár gcosaintí reatha ar an gcaighdeán cuí chun déileáil le héifeachtaí na mara ag ardú agus réamh-mheastacháin ar an athrú aeráide agus tá gníomh ag teastáil chun seasmhacht a chur ar fáil don líne iarnróid.

Bunaíodh Cláir Chosanta Bhonneagar Iarnróid an Chósta Thoir (ECRIPP) chun cosaint riachtanach fheabhsaithe cósta a thabhairt don bhonneagar iarnróid atá ann cheana féin ag cúig phríomhshuíomh ar an ngréasán iarnróid seo.

Tá na príomhshuíomhanna seo, ar a dtugtar Limistéir Cille Cósta (CCA), i mbaol ar leith ó chreimeadh cósta, scaileogú agus éagobhsaíocht aille agus meastar go dtiocfaidh méadú ar na tionchair sin ó thaobh minicíochta agus déine de sna blianta amach anseo.



## Cad é an staid reatha?

Tá tús curtha le próiseas an dearaidh agus le staidéir thimpeallachta do ECRIPP, agus táimid ag céim an-tábhachtach sa tionscadal.

Ba mhaith linn, sula ndéanfaimid tuilleadh oibre, do thuairimí a fháil faoin Scéim is Dealraithí a Roghnófar i gcás gach aon cheann de na cúig Limistéar Cille Cósta (CCA). Beidh siad á gcur faoi bhur mbráid ag Comhairliúchán Poiblí 1.

## Cad é a bhfuilimid ag dul i gcomhairle air?

Baineann an chéad chomhairliúchán poiblí faoi ECRIPP leis an Scéim is Dealraithí a Roghnófar **i gcás gach aon cheann de na cúig Limistéar Cille Cósta CCA1 go CCA6.2.** Is í an Scéim is Dealraithí a Roghnófar an rogha a chuirfear i dtoll a chéile faoi ECRIPP chun oibreacha riachtanacha cosanta cósta a dhéanamh ionas gur féidir bainistiú gníomhach a dhéanamh ar an mbaol go gcuirfeadh na guaiseacha cósta isteach ar oibríochtaí iarnróid. Beidh gá le tuilleadh oibreacha a dhéanamh amach anseo ionas go mbeidh cosaint ag an iarnróid i gcónaí ar thionchair an athraithe aeráide de réir mar a tharlaíonn siad. Iarrtar i gcomhairliúchán poiblí 1 aiseolas maidir leis an Scéim is Dealraithí a Roghnófar chun an dearadh a chur ar aghaidh chuig Comhairliúchán Poiblí 2.

## Achoimre Ar An Scéim Is Dealraithí A Roghnófar

### CCA1 MUIRFIN - DÚN LAOGHAIRE

**Is é CCA1 an chuid den chósta a shíneann ó Mhuirfean go Cuan Dhún Laoghaire.** Ceantar uirbeach den chuid is mó atá san éadanas seo agus síneann an chonair iarnróid feadh an chósta. Tá sraodbhallaí eibhir agus ballaí mara i measc na bpríomhbheart cosanta cósta atá i bhfeidhm faoi láthair.

Tá an t-iarnród tógtha ar thalamh sách íseal feadh an éadanais seo agus is iad seo a leanas na príomhghuaiseacha feadh an éadanais seo; scaileogú a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tuilte agus le damáiste don iarnród, damáiste ó thonnta a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cliseadh na gcosaintí cósta, agus creimeadh trá/ísliú urthrá a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tolladh faoi chosaintí agus le méadú ar fhuinneamh na dtonnta ag an líne chladaigh.

Ballaí ardaithe feadh an chuid is mó den limistéar cille atá sa Scéim is Dealraithí a Roghnófar atá le cur faoi bhur mbráid. Comhtháthófar ballaí ardaithe le siúlbhealaí ardaithe ag éadanais thaitneamhachta Rinn na Mara agus na Carraige Duibhe chun an soláthar taitneamhachta a choinneáil. Is iad seo a leanas na príomhbhuntáistí a aithníodh leis an Scéim is Dealraithí a Roghnófar:

- Ní bheidh gá le mórán cothabhála a dhéanamh le linn a shaolré.
- Laghdú ar thionchair dhíreacha ar an seandálaíocht agus ar an oidhreacht chultúrtha i gcomparáid le roghanna eile.
- Laghdú ar thionchar timpeallachta ar ghnáthóga tábhachtacha idirthaoideacha agus sceire.
- Ní chaillfear an fheidhm thaitneamhachta ná ní bhainfear de nádúr na líne cladaigh ag an gCarraig Dhubh agus ag Rinn na Mara.

## CCA2/3 TOLLÁN DHEILGINSE GO HIONAD CÓIREÁLA FUÍOLLUISCE SHEANGÁNAÍ

**Is é CCA2/3 an chuid den chósta a shíneann ó Thollán Dheilginse go díreach ó dheas de Thúr Martello Chill Aighne (in aice le hIonad Cóireála Fuíolluisce Sheangánaí-Bhré).** Tá an t-éadanas seo neamh-uirbeach den chuid is mó gan ach aillte nádúrtha ann chomh maith le struchtúir shaorga thacaíochta in áiteanna.

Is iad seo a leanas na príomhghuaiseacha feadh an éadanais seo: creimeadh cósta (creimeadh trá agus aille) a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cúlú na líne cladaigh agus le tolladh faoi chosaintí cósta atá ann cheana féin, éagobhsaíocht aille.

Sraodbhallaí carraige agus ballaí ardaithe atá sa Scéim is Dealraithí a Roghnófar atá le cur faoi bhur mbráid. Is iad seo a leanas na príomhbhuntáistí a aithníodh leis an Scéim is Dealraithí a Roghnófar:

- Tógáil neamhchasta agus ar chostas measartha íseal.
- Ní bheidh gá le mórán cothabhála a dhéanamh ná le mórán airgid a chaitheamh ar chothabháil.
- Réiteach láidir.
- Ní úsáidfear mórán ábhar agus ní tháirgfear mórán fuíollábhair.
- An rogha is fearr maidir le bainistiú carbóin.
- Tionchar íseal ó thaobh torainn, tonnchreatha agus caighdeán aeir de.

## CCA5 CEANN BHRÉ GO TRÁ THUAIDH NA GCLOCH LIATH

**Is é CCA5 an chuid den chósta a shíneann ó Cheann Bhré ag Cuas Naylor go Trá Thuaidh na gCloch Liath; lastuaidh de Chuan na gCloch Liath.** Ceantar tuaithe den chuid is mó atá san éadanas seo agus síneann an líne iarnróid feadh an chósta isteach is amach trí thолláin. Is iad seo leanas na príomhghuaiseacha feadh an éadanais seo: damáiste ó thonnta ag Ceann Bhré a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le cliseadh struchtúrach na gcosaintí cósta atá ann cheana féin agus le héagobhsaíocht aille ann, agus cúlú trá/aille agus éagobhsaíocht aille ag Trá Thuaidh na gCloch Liath.

Sraodbhallaí carraige ag Ceann Bhré agus ag cinn tíre charraigeacha chomh maith le bainistiú ar chúlú aille ag Trá Thuaidh na gCloch Liath atá sa Scéim is Dealraithí a Roghnófar atá le cur faoi bhur mbráid ag an gcomhairliúchán poiblí.

Is iad seo a leanas na príomhbhuntáistí a aithníodh leis an Scéim is Dealraithí a Roghnófar:

- Ní gá mórán airgid a chaitheamh agus ní gá mórán cothabhála a dhéanamh i gcomparáid le roghanna eile.
- Ní gá mórán airgid a chaitheamh agus ní gá mórán cothabhála a dhéanamh i gcomparáid le roghanna eile.
- Lorg níos lú.
- Ní úsáidfear mórán ábhar agus ní tháirgfear mórán fuíollábhair
- An rogha is fearr maidir le bainistiú carbóin.
- Ní chuirtear isteach ar phróisis nádúrtha idir na cinn tíre.

## CCA6.1 NA CLOCHA LIATHA Ó DHEAS CHUN AN CHAISLEÁIN NUA

**Is é CCA6.1 an chuid den chósta a shíneann ó na Clocha Liatha Theas go dtí an Caisleán Nua.** Is feadh claífort nádúrtha ar chúl na trá a shíneann an líne iarnróid ag an éadanas seo. Bearta cosanta cósta atá i bhfeidhm faoi láthair ina bhfuil codanna fada de shraodbhalla carraige. Tá an t-iarnród an-íseal feadh an éadanais seo agus is iad seo a leanas na príomhghuaiseacha feadh an éadanais seo; scaileogú chomh maith le géarú agus cúngú na trá a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le creimeadh na líne cladaigh agus tolladh faoi na cosaintí atá ann cheana féin.

Meascán de shraodbhallaí carraige agus ballaí mara atá sa Scéim is Dealraithí a Roghnófar atá le cur faoi bhur mbráid ag an gcomhairliúchán poiblí. Is iad seo a leanas na príomhbhuntáistí a aithníodh leis an Scéim is Dealraithí a Roghnófar:

- Tógáil neamhchasta agus ar chostas measartha íseal.
- Ní bheidh gá le mórán cothabhála a dhéanamh ná le mórán airgid a chaitheamh ar chothabháil.

## CCA6.2 AN CAISLEÁN NUA GO CILL MHANTÁIN

Is é CCA6.2 an chuid den chósta a shíneann ó dheisceart an Chaisleáin Nua síos go Cill Mhantáin. Is feadh claífort nádúrtha ar chúl na trá a shíneann an líne iarnróid ag an éadanas seo.

Tá sraodbhallaí carraige agus coincréite i measc bearta eile cosanta cósta atá i bhfeidhm faoi láthair in áiteanna feadh an éadanais seo, ach níl aon chosaint ar chreimeadh cósta ag an gcuid is mó den limistéar.

Tá an t-iarnród an-íseal feadh an éadanais seo agus is iad seo a leanas na príomhghuaiseacha feadh an éadanais seo; scaileogú chomh maith le géarú agus cúngú na trá a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le creimeadh na líne cladaigh agus tolladh faoi na struchtúir charraige atá ann cheana féin.

Sraodbhallaí carraige agus ballaí mara atá sa Scéim is Dealraithí a Roghnófar atá le cur faoi bhur mbráid ag an gcomhairliúchán poiblí. Is iad seo a leanas na príomhbhuntáistí a aithníodh leis an Scéim is Dealraithí a Roghnófar:

- Tógáil neamhchasta agus ar chostas measartha íseal.
- Ní bheidh gá le mórán cothabhála a dhéanamh ná le mórán airgid a chaitheamh ar chothabháil.

## Conas a bheith Rannpháirteach

**Ba mhaith le foireann an tionscadail do thuairimí a fháil faoin Scéim is Dealraithí a Roghnófar i gcás gach aon cheann de na cúig limistéar cille cósta, d'fhonn bonn eolais a chur faoi fhorbairt an tionscadail.**

Tabharfaidh d'eolas áitiúil bonn eolais faoin dearadh atá ag teacht chun cinn, cabhróidh sé linn é a fheabhsú agus cinnteoidh sé go mbeidh sé tairbheach do na pobail ar a bhfreastalaímid. Cinnteoidh sé freisin go ndéanfaimid ár mbonneagar iarnróid a chaomhnú do na glúnta atá le teacht. Tá an tréimhse chomhairliúcháin oscailte anois, tá sonraí iomlána lena n-áirítear na dátaí deiridh chun aighneachtaí a fháil le feiceáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail.

**Reáchtálfar trí cinn d'imeachtaí ar an láthair mar chuid den chomhairliúchán. Chun sonraí ar ionaid, am agus láithreacha a fháil, féach ar shuíomh gréasáin an tionscadail.**




## Téigh i dteagmháil linn trí na modhanna seo a leanas:

**DÉAN SCANADH CHUN TEACHT AR AN SUÍOMH GRÉASÁIN**

**Suíomh gréasáin:** https://www.irishrail.ie/en-ie/about-us/iarnrodeireann-projectsand-investments/ECRIPP#overview

**Ríomhphost:** ecrippenquiries@irishrail.ie

**Líne ghutháin:** 01 202 7900

**Seoladh poist:**

ECRIPP, Foirgneamh Innealtóireachta & Oibreacha Nua, Iarnród Éireann, Oibreacha Inse Chór, Baile Átha Cliath 8, D08 K6Y3.